

Coiste Chumann Peile Naomh Anna 2021

Is mór ag an gCumann Peile an tacaíocht a fhaightear chuile bhliain ón mballraíocht agus ón bpobal go ginearálta chun obair an chumainn a chur chun cinn. Dá mbeadh aon scil ar leith agat féin agus suim agat a bheith páirteach in obair an chumainn déan teagmháil linn.

Uachtarán	Nioclás Ó Conchubhair
Leas Uachtarán	Máirtín Breathnach
Cathaoirleach	Róisín Nic Leoid
Leas Cathaoirleach	Pádraic Ó Conghaile
Cisteoir / Leas Chisteoir	Le Iónadh
Rúnaí	Mary Ní Loingsigh
Leas Rúnaí & Rúnaí Pheil na mBan	Edel de Paor
Oifigeach Caidrimh Poiblí	Delia Ní Ghríofa
Rúnaí Peile na nÓg	Evan Ó Fátharta
Oifigeach Gaeilge	Gráinne McElwain
Oifigeach Óige	Evan Ó Gríofa
Oifigh Cóitseála	Philomena Ní Fhlatharta & Patrick Mark Ó Fátharta
Coiste Gnó	Pádraig Mac an Rí
	Ciarán Bairéad
	Marcus Ó Ceallaigh
	Annabel Ní Chonghaile
	Seán Andy Ó Ceallaigh
	Bridgie Ní Fhlatharta
	Coilín Ó hÓgáin

Plean Teanga Chumann Peile Naomh Anna Leitir Móir

Glacadh le Plean Teanga don chlub le déanaí mar chuid de Ghradam Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha. Tá an club gníomhach ag cur na Gaeilge chun cinn ó bunaíodh an cumann i 1964 agus is trí Ghaeilge a réachtáiltear imeachtaí an chumainn. Is iad na ceannteidil atá sa phlean ná: (1) Stádas na Teanga, (2) Foghlaim na Teanga agus (3) Úsáid na Teanga. Rinne an cumann suirbhé leis na baill faoin nGaeilge agus bunaithe ar aiseolas ón suirbhé aithníonn an club na móréilimh agus na riachtanais teanga sa chumann. Plean trí bliana atá i gceist agus is féidir an Plean Teanga a léamh ar www.naomhanna.ie

Staid chúrsaí CLG

D’fhoilsigh an rialtas an plean Covid 19: Resilience and Recovery 2021 le déanaí agus níor tháinig aon athrú ó thaobh cúrsaí spóirt de. Ciallaíonn sé nach mbeidh aon CLG ar siúl go dtí an 4 Aibreán ar a luaithe. Mar sin, tá an pháirc peile dúnta go fóill agus níl cead imeartha, traenála nó teacht le chéile ar bith go dtí go mbeidh an Cháisc caite.





GLACADH SEILBHE INSTAGRAM

Beidh Saoirse Ni Dhomhnaill, duine d’fhoireann Réalta Idirmheánach na Gaillimhe 2020, ag glacadh seilbhe ar Instagram Cumann Peile Naomh Anna ar maidin Dé Luan, 1ú Márta ag 09:00.

Buail isteach agus glac páirt sa gcomhrá. Beidh an chraic go maith!

D’éirigh thar cionn leis an gcéad ghlacadh seilbhe Instagram a déanadh agus tá muid fíor bhuíoch do Shaoirse a rinne sárobair. Tá súil againn é seo a rith chuile mhí agus baill nó duine de phobal an chlub ag roinnt a dtaithí agus smaointe linn. Cé hé nó hí an chéad duine eile a bheidh linn meastú?

Griangraf na Míosa / Scéalta Suimiúla

Má chastar aon radharc deas ort nó aon deis chun grianghraf a thógáil a thaitneodh le pobal léitheoireachta na nuachtlitreach, seol chugainn iad ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Ar an gcaoi chéanna má ritheann aon smaointe libh maidir le colúin nó scéalta suimiúla ba bhreá linn cloisteáil uaibh, bí i dteagmháil linn.





Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Seo an chéad eagrán den nuachtlitir ina ndéanfar cur síos ar ghnóthaí reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloisteáil uait, bí i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Nuachtlitir

Eagrán: Márta 2021



An Seastán Nua

Tá an obair thógála ar an seastán tugtha chun críche anois. Tá slacht breá curtha ag an obair ar thimpeallacht na páirce. Beidh dáta le socrú go luath chun ainmneacha a chur ar na suíocháin. Tá a bhformhór díolta ach tá roinnt fágtha le díol go fóill freisin. Más mian leat suíochán a cheannach ar chostas €100 agus pé ainm ar mhaith leat a chur air is féidir leat sin a dhéanamh ag an nasc thíos: <https://tinyurl.com/36mxkt3t> nó is féidir iad a cheannach ó bhaill an choiste.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a cheannaigh suíochán go dtí seo.

Beannachtaí na Féile Pádraig

Táimid ag súil go mór leis an bParáid Fhíorúil a bheas á chraoladh i mbliana ó Cheantar na nOileán ar Lá Fhéile Pádraig. Is ar ardáin mheáin shóisialta Molscéal a bheas sé le fáil ar 12:00 meán lae.



Tá an pharáid seo á heagrú ag an oifig áitiúil pleanála teanga, Glór na nOileán. Bígí cinnte bratacha an chumainn a bheith crochta go hard ag an bparáid.

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Lá stairiúil agus cúis bróid don chumann agus don cheantar é nuair a bronnadh Bonn Óir Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar Chumann Peile Naomh Anna le déanaí. Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Ainmníodh an gradam in ómós do Sheosamh MacDonncha, Iar-Uachtarán an CLG, fear a raibh ceangal speisialta aige leis an gceantar seo mar gur as Cruiminne a bhean Peig.



Bainisteoirí Ceaptha

Ba mhaith le coiste an chumainn buíochas a ghlacadh leis na bainisteoirí agus cóitseálaithe a bhí ag obair le foirne anuraidh agus na blianta uilig atá caite. Tréaslaíonn muid a n-iarrachtaí le oibrithe dheonacha uilig an chumainn a rinne obair na gcapall anuraidh I bhfianise dúshláin a bhain le Covid-19 agus foirne á n-ullmhú le dul chun páirce. Fáiltíonn muid freisin le foireann nua atá linn i mbliana, idir bainisteoirí, cóitseálaithe nó cúntúirí.

Fé 6 & Fé 8 : Gráinne McElwain agus Gearóid Mac Donncha

Fé 10 Cailíní: Joanie Ní Fhlatharta

Fé 14 & Mionúir Cailíní: Edel de Paor

Fé 12 Buachaillí: Ronan Ó Suilleabháin

Fé 17 Buachaillí: Philomena Ní Fhlatharta & Marie Uí Chualáin

Fé 19 / Sóisir A / Idirmheánach na bhFear: Ciarán Ó Flatharta

Sóisir C na bhFear: Coleman Mac Donnacha

Sóisir / Sinsir na mBan: Micheál Ó Tuathail

Comórtas Peile na Gaeltachta

Déanadh fógra le deirneas nach mbeadh Comórtas Peile na Gaeltachta ag dul ar aghaidh arís i mbliana, ach gur ar an Máimín a bhéas sé i Meitheamh 2022. Cé go bhfuil muid díomach ba é an cinneadh ceart é ar mhaithe le chuile dhuine a bheith sábháilte agus freisin go mbeadh muid in ann sásamh brae a bhaint as nuair a bhéas na srianta crochta le cúnamh Dé. Tá furmhór na hoibre a bhí pleanáilte déanta agus leanfaidh muid ar aghaidh ar seo go Meitheamh 2022 ar cur barr feabhais ar rudaí.

An Nuacht is Déanaí!
SPÓRTLANN Naomh Anna
Ranganna Aclaíochta ar Zoom!

Dé bharr srianta 5 atá I bhfeidhm faoi láthair, tá an Gíom dúnta go cheann tamall eile.

Idir an dá linn tá muid ag cur ár ranganna aclaíochta ar fáil tríd Zoom.

Tá cúpla rogha ballraíocht ar fáil le trealamh ar €50 nó gan trealamh ar €35. Tá 30 rang aclaíochta in aghaidh na seachtaine le fáil ar seo.

Oiliúint Phearsanta

GYM dúnta is cuma is féidir linn an gym a thabhairt chomh fada leat. Le "One to One Personal Training Sessions" atá ar fail 7 lá na seachtaine le Caroline & Tina

Eolas ar na seisiúin ar fad arlíne..

Aclaíocht Eadrom

Gach Dé Luain & Dè Céadaoin le Caroline ag 5.00-5.30. Rang do thosaitheoirí nó má tá tú ag teacht ar ais go aclaíochta tar héis treimhse fada. Aclaíocht Eadrom ar feadh 6 seachtaine. Costas €15.

Eolas ar fad le fáil ag sportlannbooking@gmail.com nó féach ar ár suíomh idirlíon www.sportlannbooking.com nó cuir glaoch orainn ag 091551673 nó 0874265314



ACLÁÍOCHT DO GHASÚIR SAOR IN AISCE AR ZOOM
Zumba le Tina Gach Dé Mairt & Aclaíocht le Caroline
Dé Luain, Dé Céadaoin & Dé hAoine

Teagmháil: sportlannbooking@gmail.com
www.sportlannbooking.com 091551673 nó 0874265314



DÚSHLÁN NA MÍOSA

LE MARIE

3,6,9

3 POWER CLEAN (MEACHÁN EADROM)

6 PUSHUP

9 SQUATS

CÉN MÉID BABHTA IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH IN 15 MÓIMÉAD



Ar mbaill ag caint ! - Anna Ní Laoi, Foireann Shinsir na mBan

Is beag a cheap mé an t-am seo anuraidh agus mé ag líonadh amach m’fhoirm CAO nach leagfadh mé fhéin ná mo chomhscóláirí cos taobh amuigh den teach agus muid ag bogadh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile dár saol. Bhí mé tar éis na scrudaithe macasamhla a chur díom, m’fhoirm CAO líonta amach agus ag traenáil faoi dhó in aghaidh na seachtaine an t-am seo anuraidh.

Ansin ar an dara lá déag de mhí Márta chuala mé i lár an rang mata go mbeadh na scoileanna á ndúnadh. Cheap muid go mbeadh sé go deas coicís brise ón scoil, fanacht sa mbaile agus a bheith ar ais chuig an ‘ghnáthsaol’ tar éis saoire na Cásca. Bhí muid ag súil leis an scíth, ach nach muid a bhí soineanta. Níor leag muid cos taobh isitgh den mheánscoil ó shin, chríochnaigh muid ár scolaíocht sa mbaile agus tharla go leor ocaidí go ‘fíorúil’.

Ní raibh sé chomh dona sin a bheith sáinnithe sa mbaile le bliain anuas, ní raibh orainn scrudaithe na hardteistiméireachta a shuí agus dár ndóigh ar an seú lá fichid de mhí Mheáin Fómhair bhain muid amach éacht mar fhoireann.

Bhí bóthar fada, casta amach romhainn nuair a cuireadh stop le traenáil agus cluichí peile, chaith muid uainn na liathróidí peile ar feadh tamall agus chuaigh muid ag caitheamh páipéar leithris lena chéile ina áit. Ní mar a chéile ar chor ar bith é ag iarraidh a bheith ag traenáil i d’aonar. D’airigh mé uaim an chraic agus an spraoi a bhíodh againn ag traenáil. Airíonn tú uait an t-atmaisféar a bhíonn idir na cailíní uilig.



Nuair a tháinig an lá go raibh cead againn ar ais an bpáirc bhí obair na gcapall le déanamh againn. Bhí na cluichí ar fad ag teacht i mullach a chéile agus bhí a seacht míle dícheall le déanamh ag chuile dhuine. Ach bhí spiorad agus díocas faoi leith i chuile dhuine.

Bhí an oiread cainte ar chúrsaí paindéime ach nuair a bhí muid amuigh ar an bpáirc chuir muid an imní sin ar fad go leath taobh. Thug sé briseadh don intinn agus muid plodaithe ag scéalta nuachta.

Bainisteoirí á lorg

An t-am sin bliana arís a chairde agus táimid ag iarraidh bheith chomh h-ullmhaithe agus is féidir linn nuair a bheidh cead againn foirne a chur chun páirce arís le cúnamh Dé. Da bhrí sin táimid ar thóir roinnt bainisteoirí agus roghnoirí do fhoirne fós. Siad sin....

Buachaillí Faoi 10 & Faoi 15

Cailíní Faoi 12

Ná bíodh aon imní ort tabhairt faoi aon cheann de na rólanna seo mar beidh tacaíocht ar fáil. Tá neart cúrsaí ar fáil ón gCLG & LGFA a thugann léargas mhaith ar cén chaoi foirne a thraenáil srl. Tá Oifigí Coitséala ag an gcumann atá ansin chun tacú leat freisin má bhíonn aon cheist agat. Is deis iontach é seo chun fáil amach as an teach ó am go chéile! Má tá suim agat ann, bí i dteagmháil le Philomena ag 087-9230660, Delia ag 087-7925216 nó Joe ag 087-7610247

Foireann na mBan—Dúshlán Rith 300km

Tá foirne sinsir & sóisir ban le 300km a rith Domhnach Cásca le hairgead a bhailiú don chumann peile & Oispis na Gaillimhe

Tá muid chun leath den airgid a bhailítear a thabhairt don oispis as an obair iontach & tabhachtach a déanann siad. Is féidir síntiús a thabhairt ag https://www.idonate.ie/6072_cumann-peile-naomh-anna.html—téigh chuig suíomh I Donate agus tóraigh Cumann Peile Naomh Anna agus tiocfaidh air ansin. Ádh mór a mhná!

